


## Abair go...

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chinneadh cinniúnach a rinne an Taoiseach Jack Lynch sa bhliain 1969. Cad é an cinneadh sin, dar leat? Pléigh an cheist leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an bpictiúr thíos chun cuidiú libh.



### Ceist 2

Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- former Unionist Minister
- to supply information to
- under threat
- sectarian attacks
- Member of Parliament
- they had no choice
- the Catholic minority
- solidarity
- high and dry
- the cross-border incursion
- to draw attention to

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

### Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén t-eolas a thugtar dúinn sa mhír faoi na daoine seo a leanas:

John Taylor  
Jack Lynch  
James Kelly

Killian McNicholl  
Neil Blaney  
Albert Luykx

2. Cad a bhí i gceist le *Operation Armageddon*?
3. Cén tuairim a thugann Fearghal Mac Bhloscaidh faoi chinneadh Fhianna Fáil ag an am?
4. Cad a chreideann Killian McNicholl faoin gcúis a bhí leis an bplean Arm an tSaorstáit a chur isteach sa Tuaisceart?

**Ceist 4** ‘... *ab fhearr...*’

Athscríobh na habairtí thíos san aimsir chaite.

1. Is annamh a bhíonn sé ann.
2. Is fear deas é.
3. Is iontach an t-amhrán é.
4. An é sin do chara?
5. Is é an scannán is fearr liom.
6. Is í an duine is cliste sa rang.
7. Is é an madra is áille ar domhan.
8. Is fiú duit é a dhéanamh.

**Ceist 5** Féach ar an tuairisc arís agus aimsigh:

- na foirmeacha treise den fhorainm
- an aidiacht bhriathartha de na briathra **beartaigh** agus **trasnaigh**
- na focail frithchiallacha de na focail seo a leanas: **sinsearach**, **gearrthéarmach**, **móramh** agus **ó thuaidh**
- an saorbhriathar san aimsir chaite de na briathra **ceistigh** agus **lig**
- bealach eile chun **idir dhá chomhairle** a rá

**Ceist 6** Pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat.

Cad a tharlódh dá n-ordódh Jack Lynch don arm an teorainn a thrasnú, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Plé atá i gceist anseo.

### Ceist 2

former Unionist Minister – *Iar-Aire Aontachtach*  
to supply information to – *eolas a choinneáil / a choimeád le*  
under threat – *faoi bhagairt*  
sectarian attacks – *ionsaithe seicteacha*  
Member of Parliament – *Feisire*  
they had no choice – *ní raibh an dara suí sa bhuaile acu*  
the Catholic minority – *an mionlach Caitliceach*  
solidarity – *dlúthpháirtíocht*  
high and dry – *ar an trá fholamh*  
the cross-border incursion – *an t-ionradh trasteorann*  
to draw attention to – *aird a tharraing ar*

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

1. Is annamh a bhíonn sé anseo.  
*B'annamh a bhíodh sé anseo.*
2. Is fear deas é.  
*B'fhear deas é.*
3. Is iontach an t-amhrán é.  
*B'iontach an t-amhrán é.*
4. An é sin do chara?  
*Arbh é sin do chara?*
5. Is é an scannán is fearr liom.  
*Ba é an scannán ab fhearr liom.*
6. Is í an duine is cliste sa rang.  
*Ba í an duine ba chliste sa rang.*
7. Is é an madra is áille ar domhan.  
*Ba é an madra ab áille ar domhan.*
8. Is fiú duit é a dhéanamh.  
*B'fhiú duit é a dhéanamh.*

### Ceist 5

Na foirmeacha treise den fhorainm:

- a bhí **aigesean** leis
- deir **seisean** gur iarr
- gur iarr an Rialtas **airsean**
- gur iarradh **airsean**

An aidiacht bhriathartha de na briathra **beartaigh** agus **trasnaigh**:

- beartaithe
- trasnaithe

Na focail frithchiallacha de na focail seo a leanas: **sinsearach**, **gearrthéarmach**, **móramh** agus **ó thuaidh**:

- sóisearach
- fadtréimhseach
- mionlach
- ó dheas

An saorbhriathar san aimsir chaite de na briathra **ceistigh** agus **lig**:

- ceistíodh
- ligeadh

Bealach eile chun **idir dhá chomhairle** a rá:

- idir dhá thine Bhealtaine

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus an cheist a phlé ansin leis an rang iomlán.

### Siún Nic Gearailt

Dúirt Iar-Aire Aontachtach de chuid Stormont, go raibh Rialtas na Breataine ar an eolas faoi pheleananna rúnda a bhí ag Rialtas na hÉireann in 1969 chun ionsaí a dhéanamh ar Thuaisceart Éireann agus go raibh sé beartaithe ag an mBreatain cur ina choinne go láidir. Dúirt an tAontachtóir<sup>1</sup>, John Taylor, aréir, gur iarradh air féin eolas a chóiméad leis na fórsaí slándála ag an am faoin bplean.

### Ailbhe Ó Monacháin

Tá eolas le fada go raibh pleanáil ar bun ag polaiteoirí an tSaorstáit in 1969, le ligean don arm an teorainn a thrasnú le cuidiú le pobal na Náisiúnaithe a bhí faoi bhagairt ag ionsaithe seiciteacha. *Operation Armageddon* a tugadh ar an phlean<sup>2</sup> seo. An tseachtain seo, thug iarbhall de ghluaiseacht na gceart sibhialta, Killian McNicholl as Tír Eoghain, eolas don nuachtán an *Irish News*, faoi chruinnithe a bhí aigesean leis an chaptaen airm, James Kelly, an bhliain sin le heolas a thabhairt dó faoi na pointí trasnaithe ab fhearr don arm.

Ach, deir an tIar-Fheisire Aontachtach, John Taylor, nó Lord Kilclooney, nach é amháin go raibh a fhios ag Rialtas na Breataine faoin phlean ach go raibh sé i gceist acu é a stopadh. Deir seisean gur iarr an Rialtas airsean mar aire sóisearach sa Roinn Gnóthaí Baile ag Stormont, eolas a choinneáil leis na póilíní agus leis an Phríomh-Aire ag Stormont, James Chichester-Clark. Dúirt John Taylor go raibh ciall ag Taoiseach na linne, Jack Lynch, nuair a cuireadh an phlean ar ceal. Tá a dtuairim féin ag na stairithe faoi na cúiseanna a bhí leis.

### Fearghal Mac Bhloscaidh, Léachtóir le Stair, Coláiste N. Muire, Béal Feirste

Dar le bunaíocht an Deiscirt nach raibh an dara suí sa bhuaile acu. Bhí siad idir dhá thine Bhealtaine – páirtí poblachtach, Fianna Fáil, Jack Lynch – ba cheart dóibh cosaint a thabhairt don mhionlach Caitliceach. Bhí mian fhadtréimhseach acu an tír a athaontú ar lámh amháin, ach ar ndóigh ar an lámh eile, ní raibh siad ag iarraidh cúrsaí a chorráí ó dheas. Agus, ar ndóigh, bhí siad ag iarraidh cineál dlúthpháirtíocht a chothú leis an Bhreatain, dul isteach san Aontas Eorpach leo agus araile agus araile. Agus i ndeireadh na dála, rinne siad an cinneadh luí lena leas féin agus d'fhág siad an mionlach Náisiúnach ar an trá fholamh ó thuaidh.

### Ailbhe Ó Monacháin

Deir Killian McNicholl gur iarradh airsean dul chuig teach i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath nuair a bhí Arm an tSaorstáit leis an teorainn a thrasnú, ar a dó a chlog ar maidin, ó áit éigin i gContae Mhonacháin. Dúirt sé go raibh an Teachta Dála, Neil Blaney, as Dún na nGall, sa teach sin, chomh maith leis an fhear gnó as an Bheilg, Albert Luykx. Beirt a ceistíodh agus a ligeadh saor níos déanaí i dTriail na nArm. Dúirt sé gur scairt an tAire Kevin Boland ar an teach lena rá gur ordaigh an Taoiseach, Jack Lynch, an t-ionradh trasteorann a stopadh. Creideann McNicholl gur plean a bhí ann ón tús le haird idirnáisiúnta a tharraingt ar ghéarchéim na gCaitliceach a bhí faoi ionsaí ag an am.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> *Aontachtaí* an teideal oifigiúil

<sup>2</sup> Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.